



European Economic and Social Committee

EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil Society

Mí Aibreáin 2019 | GA

**YOUR EUROPE YOUR SAY
2019**

Available Languages:

bg cs da de el en es et fi fr ga hr hu it lt lv mt nl pl pt ro sk sl sv

Editorial



«An Eoraip ina húdar inspioráide»

A chairde,

Ar feadh dhá lá, ar an 21 agus ar an 22 Márta, bhí caint bhríomhar agus gáire le cloisteáil ó 102 dhalta idir 16 agus 18 mbliana d'aois ó na 28 mBallstát agus ó na cúig tír is iarrthóirí i bPasáistí agus seomraí fhoirgneamh Jacques Delors. Má bhí siad faiteach ó am go chéile bhí siad fiosrach thar aon ní eile, agus iad ag fiafraí díobh féin: Cad chuige an turas seo?, “An bhféadfainnse teacht ar réiteach na bhfadhbanna sin a chuaigh de na daoine fásta é a aimsiú, cuir i gcás, “Conas daoine a spreagadh chun a vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha?”.

Thuig siad ar an toirt go mbeadh na freagraí a thabharfaidís á gcur san áireamh sna pléití ar thodhchaí na hEorpa ag tráth rithábhachtach, agus toghcháin Eorpacha an 26 Bealtaine gan ach cúpla seachtain uainn.

Chaith mé cúpla uair an chloig ina gcomhlúadar. Chuir an chaint uathu iontas orm. “Má táthar ag iarraidh an domhan a athrú, ní mór tosú leis an gceist “Cad é an rud nach bhfuil ag obair?”. Agus tá roinnt iarrataí acu: i dtús báire go gcuirfí ar an eolas iad faoin tionscadal, go dtuigfidís é i gceart, go mbeadh muinín acu as agus bá acu leis chun go bhféadfaidís féin páirt a ghlacadh ann ar deireadh, é a chur chun cinn agus an scéal a scaipeadh faoi.

Ach bheadh rud éigin sa bhreis ag teastáil. Ba é an Polannach óg, Mateusz Tyszka a smaoinigh air: labhair sé go díocasach agus d'iarr ar na daoine óga eile «gan scaoileadh lena n-aislingí riamh». Thairis sin, ní mór teacht le chéile, é a bheith de mhisneach ionainn fíis a ghlacadh chugainn. Agus sin é mar a ghlac na daltaí ról an cheannaire fhísigh chucu féin.

A bhúi lenár dtionscadal “Leatsa an Eoraip, Abair Leat!” tá deis acu eolas a fháil ar an daonlathas rannpháirteach, ar mór ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa é, conas dul i mbun cainteanna, éisteacht agus teacht ar chomhréiteach.

“Tá Leatsa an Eoraip, Abair Leat!” ar an bhfód le 10 mbliana anuas. Ba í Iriní Pari, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in 2009, a raibh an smaoinemh iontach seo aici an chéad lá, an t-aos óg a thabhairt ar cuairt go dtí CESE, agus ba é an t-aonad um “Chuariteanna agus Foilseacháin” a ghlac cúram na hócáide air féin ina dhiaidh sin. Má táthar chun an Eoraip a thógáil le cabhair an aosa óig, ní mór díriú orthu, iad a chur ag caint agus éisteacht a thabhairt dóibh. Bíonn téama nua i dtreis gach bliain: an cultúr, an tsíocháin, an daonlathas (2018), Comóradh 60 bliain Chonradh na Róimhe (2017) agus an imirce (2016).

Cén chonclúid a rinne na daoine óga in 2019? I measc na ndeich moladh a cuireadh ar aghaidh agus ar ar vótáil an céad rannpháirtí óg nó mar sin a bhí ann, cuireadh ceithre cinn ar ghearrliosta (bhí dhá cheann ar comhchéim), agus thángthas ar thogra: “Tá an todhchaí buailte linn: clár oideolaíochta”.

Táim féin i mo mhúinteoir, agus is rí-shoiléir dom an ról a imríonn an scoil i saol na ndaoine óga. Agus is fíor go dtacaím go hiomlán leis an gcoincheap de chlár scolaíochta éigeantach chun eolas a fháil ar an Eoraip agus an 60 bliain atá caite i mbun an Eoraip a thógáil.

Dúirt rannpháirtí amháin, ón Ríocht Aontaithe, linn gur tharla sé díreach tar éis an Reifrinn ar Brexit, go ndeachaigh mórán dá comhshaoir naigh ar Google chun a fháil amach ar deireadh cad é go díreach a bhí i gceist leis an Aontas Eorpach. Is mór an trua, a dúirt sí, go raibh gá leis an vótáil sin ... le go gcuirfí eolas ar an Eoraip!

Tá forás tagtha faoin tionscadal de réir a chéile. Bliain i ndiaidh bliana, tugtar na daoine óga le chéile ag an imeacht sin, le gur féidir paisean don Eoraip a mhúscailt iontu. Is féidir leo tacú go díograiseach léi ach is féidir leo freisin agus thar aon ní eile, a dtosaíochtaí féin don Aontas Eorpach a chinneadh agus an tionscadal uathúil seo a mhúnlú le bheith in oiriúint don todhchaí atá uathu.

A chairde dile, faoi thuairim na bliana seo chugainn le haghaidh fheachtas 2020 “Leatsa an Eoraip, Abair Leat!” agus eachtraí nua fós!

Isabel Caño

Leas-Uachtarán atá freagrach as an gCumarsáid

In short

Rannpháirtíocht na gComhaltaí



Gabhaimid buíochas mór leis na comhaltaí ar fad a thug cuairt ar na scoileanna as an dúthracht a chaith siad leis na scoláirí a ullmhú dá ndíospóireacht sa Bhruiséil: Martina Širhalová, Dimitar Manolov, Baiba Miltoviča, Charles Vella, Martin Siecker, Arno Metzler, Meelis Joost, Pirkko Raunemaa, Jocelyne Le Roux, Bernt Fallenkamp, Jakob Krištof Počivavšek, Bo Jansson, Roman Haken, Lidija Pavić-Rogošić, Marie Zvolská, Gonçalo Lobo Xavier, Cristian Pîrvulescu, Andreas Pavlikkas, Piroška Kállay, Ronny Lannoo, Josiane Willems, Brian Curtis, Ionuț Sibian, Antonio Longo, Javier Doz Orrit, Renate Heinisch, Alfred Gajdosik, Séamus Boland, Daiva Kvedaraitė, Aristotelis Thomopoulos, Krzysztof Pater.s (ks)

"Leatsa an Eoraip, Abair Leat" sna meáin



[An Ostar](#) - **ORF.at**: *Daltaí meánscoile i mbun beartais AE a cheapadh*

[An Chróit](#) - **Jutarnji List**: *DAOINE ÓGA Ó SHÁGRAB SA BHRUISÉIL: dhírigh Lara, Nikola agus Patrick a n-aird ar na toghcháin Eorpacha agus conas daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh iontu*

[An Fhionlainn](#) - **HAAPAVESI LEHTI**: *daltaí meánscoile sa Bhruiséil ag déanamh ionadaíocht thar ceann na Fionlainne*

[An Fhrainc](#) - **Ouest France**: *Saint-Brieuc. Dar leis na daltaí meánscoile seo ó mheánscoil Saint-Charles, "is sinne todhchaí na hEorpa"*

[An Iodáil](#) - **Servizio Informazione Religiosa**: *An tAos Óg: ghlac 102 daltaí meánscoile ó gach cearn den Aontas Eorpach páirt i mbliana san imeacht "Leatsa an Eoraip, Abair Leat!" sa Bhruiséil*

[Málta](#) - **Malta Today**: *Togra a rinne déagóirí ó Mhálta le haghaidh curaclam éigeantach faoin Aontas Eorpach le cur faoi bhráid na bhFeisirí Eorpacha*

[Montainéagró](#) - **Grad Kulture**: *"LEATSA AN EORAIP, CLOISIMIS UAIT!": Rinne scoláirí meánscoile ó Niksic ionadaíocht rathúil thar ceann Mhontainéagró ag comhdháil YEYS sa Bhruiséil*

[An Phortaingéil](#) - **ROSTOS**: *Thug triúr daltaí meánscoile ó Choláiste Minerva do Barreiro cuairt ar an mBruiséil chun ionadaíocht a dhéanamh ar an bPortaingéil ag an ócáid "Leatsa an Eoraip! Abair leat!"*

[An Rómáin](#) - **Cuvantul Libertatii**: *Rinne triúr daltaí meánscoile agus múinteoir amháin ó Bailesti ionadaíocht thar ceann na Rómáine sa Bhruiséil*

[An Ríocht Aontaithe](#) - **Government Europa**: *Pléadh saincheisteanna beartais agus oideachais ag imeacht polaitíochta a bhí dírithe ar an aos óg*

New publications

Stair dhigiteach "Leatsa an Eoraip, Abair leat!" (YEYS)



S

Reachtáil CESE a n-ócáid shuaitheanta don aos óg, " *Leatsa an Eoraip, Abair leat!*", den chéad uair an 15-17 Aibreán 2010 Tá súil siar á tabhairt anois i bhfoilseachán digiteach ar an tréimhse deich mbliana ó cuireadh Leatsa an Eoraip, Abair leat! (YEYS) ar bun, agus tá aird á tabhairt go háirithe ar an ngealltanas a rinneadh páirt a thabhairt don aos óg ar fud na hEorpa i bpróiseas ceaptha beartais an Aontais Eorpach. San fhoilseachán, tá béim á leagan freisin ar na saincheisteanna a pléadh ó bhliain go chéile agus ar na tograí agus na torthaí a d'eascair as na díospóireachtaí sin, d'fhonn an luach a bhaineann le rannpháirtíocht an aosa óig i múnú na hEorpa a léiriú.

Leis an bhfoilseachán seo, cuirtear neart ábhair ilmheán ar fáil, go háirithe físeáin, agus is ar an bpobal a gcoitinne agus ar gheallsealbhoirí sonracha, amhail eagraíochtaí don óige, scoileanna, cumainn tuismitheoirí agus múinteoirí, na meáin, srl., atá an foilseachán seo dírithe. Sa bhreis air sin, is é is aidhm don fhoilseachán meon pobail a spreagadh i measc

iar-rannpháirtithe YEYS agus a n-oidhreacht siúd a choinneáil beo.

EESC News

[Is mian le saoránaigh óga san Eoraip go mbainfí leas as an oideachas agus na meáin shóisialta chun cur leis an daonlathas agus le rannpháirtíocht na saoránach san Aontas](#)



Ba é an moladh a bhain an líon is mó vótaí i mbliana le linn Leatsa an Eoraip, Abair leat! (YEYS), imeacht don aos óg a reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an 21-22 Márta 2019, ná siollabas éigeantach faoi pholaitíocht na hEorpa a thabhairt isteach d'fhonn cur le heolas na saoránach ar an Aontas ar chaoi a rachadh chun tairbhe dóibh agus a vóta á gcaitheamh acu. Cuirfean an moladh seo, maille le trí cinn de mholtaí eile a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí nua agus na meáin shóisialta chun cur leis an ráta vótála, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena mbreathnú.

Tar éis dóibh dhá lá a thabhairt i mbun plé agus díospóireacht bhríomhar, chuir na 99 daltaí meánscoile, idir 16 agus 17 mbliana d'aois, a roghnaíodh le páirt a ghlacadh in imeacht YEYS 2019 10 gcinn de mholtaí i láthair le linn an tseisiúin iomlánaigh dheireanaigh. Díríodh go háirithe ar réimse an oideachais agus ar na meáin shóisialta. I gcuid de na tionscadail moladh leas a bhaint as ardáin ar líne agus cruinnithe sa saol réadúil d'fhonn nasc a chruthú idir an tsochaí shibhialta agus lucht ceaptha beartas. Seo a leanas na ceithre mholadh ba mhó a fuair vótaí:

1. **#Future is now**, tionscadal dírithe ar shiollabas éigeantach a thabhairt isteach i scoileanna uile an Aontais Eorpaigh. Bheadh trí chuid ann: an chuid phraiticiúil, is é sin cuairteanna ar institiúidí an Aontais; an chuid theoriciúil, is é sin trialacha agus cur i láthair; agus, ar deireadh, ardán idirghníomhach ar a mbeadh quizeanna agus físeáin.
2. **EU&U.EU**, suíomh gréasáin ar a dtabharfaí eolas i bhfoirm achoimre faoin Aontas agus faoi na toghcháin Eorpacha chun an trédharcacht agus an fheasacht a mhéadú trí dhianúsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus as ábhar ilmheán.
3. (ar comhchéim le chéile) **Europe E-VOTE**, tionscadal dírithe ar lá saoire náisiúnta a dhéanamh de lá na dtoghchán agus ar an vótáil leictreonach a chur chun cinn agus From You to EU, tionscnamh chun gluaiseachtaí sóisialta a nascadh le polaiteoirí agus a chur ar a gcumas oibriú le chéile chun réitigh a aimsiú.

Seo a leanas na moltaí eile a chuir na daltaí i láthair:

#Insta (nt) vote: tionscnamh chun cur leis an láithreach atá ag an Aontas Eorpach ar na meáin shóisialta trí úsáid a bhaint as ábhar ardcháilíochta atá dírithe ar an aos óg, mar shampla físeáin ghearra agus tráchtairacht ó thionchairí, rud a chuirfeadh leis an bhfeasacht agus an rannpháirtíocht.

Gréasán na nEorpach Óg, tionscadal dírithe ar eolas a chur ar fáil faoi bhearta an Aontais agus na srianta atá air, daoine éagsúla fud fad na hEorpa a nascadh le chéile agus tús a chur le díospóireacht trí mheán ardán ar líne ar a ndéanfaí tionscadail a eagrú agus torthaí na dtionscadal a fhoilsiú.

Do ghuth a aimsiú, tá dhá ghné ag roinnt leis an tionscadal seo: a haon, dhéanfaí cruinniú mullaigh le haos óg agus polaiteoirí na hEorpa a reáchtáil trí huair sa bhliain faoi choinne comhphlé agus gníomhaíochtaí agus, a dó, suíomh gréasáin ar a mbeadh ábhar agus faisnéis idirghníomhach.

Fág do lorg ar an todhchaí - cloisimis uait!, suíomh gréasáin ar a bhféadfadh an t-aos óg, daoine faoi bhun 26 bliana d'aois go háirithe, a dtuairimí faoi ábhair éagsúla a phostáil. B'fhéidir le lucht úsáidte an tsuímh a mhéad nó a laghad a thaitníonn na tuairimí sir leo a léiriú agus chuirfí na tuairimí ab ansa le húsáideoirí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ansin.

SharEU, aip a d'fhéadfaí a úsáid chun gluaiseachtaí sóisialta a nascadh le hinstiúidí an Aontais. Bheadh modhnóirí faoi leith ag obair ar an aip agus chuirfidís tuarascáil mhíosúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa faoi na tionscnaimh ar postáladh eolas ina dtaobh, rud a chruthódh nasc níos dlúithe leis na gnáthshaoránaigh.

Guthanna ar fiú éisteacht leo, ardán ina bhféadfaí tionscnaimh agus óráidí a chur chun cinn d'fhonn vótálaithe a spreagadh le dul i mbun gníomhaíochta agus le troid a dhéanamh ar son a smaointe féin. Roghnódh na rannpháirtithe ansin na tionscnaimh a chuirfí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Chuir **Luca Jahier**, Uachtarán an Choiste, fáilte roimh na daltaí agus dúirt sé an méid seo a leanas leo: *""Caithfidimid eiseamláir Greta Thunberg a leanúint; bhí sí ábalta líon mór daoine a ghríosadh i ngiorracht aimsire de bharr a cuid cainte díri. Téigí i bpáirt léi sa chomhrac seo, agus bígí conspóideach mar is é ár dtodhchaí-ne, chomh maith le bhur dtodhchaí féin, atá i mbaol""*. Chuir Isabel Caño, Leas-Uachtarán ar CESE atá freagrach as an gCumarsáid, clabhsúr ar an ócáid mar leanas: *""Is nós linn anseo sa Choiste teacht ar chomhaontú trí chaibidlíocht a dhéanamh le chéile. Is ábhar bróid dúinn, mar sin, go raibh an deis seo againn chun éisteacht le bhur smaointe, bhur mbríonglóidí agus na réitigh atá á moladh agaibh agus chun bhur ndúthacht a fheiceáil""*. (dgf)

[Tá an tionscnamh \(YEYS\) ar an bhfód anois le deich mbliana, ach tá sé chomh hábhartha céanna agus a bhí riamh, dar le tionscnóir an imeachta](#)



Agus deich mbliana ar an bhfód i mbliana ag an tionscnamh Leatsa an Eoraip, Abair Leat!, labhair EESC Info leis an iar-leas-uachtarán Irini Pari arbh aici a bhí an smaoinemh a chuir tús leis an imeacht seo in 2010. Chaith sí súil siar ar an gcaoi ar thosaigh YEYS agus súil ar aghaidh ar thodhchaí na hEorpa.

EESC Info: A Irini Pari, an bhféadfá a rá linn conas a thosaigh an tionscnamh seo? Cad é a spreag é?

Irini Pari: Toisc mé i mo leas-uachtarán um an gcumarsáid, theastaigh uaim nasc a chruthú le haos óg na hEorpa. Theastaigh uaim deis a thabhairt don ghrúpa seo nach gnách linn díriú orthu taithí phearsanta a fháil ar an Eoraip, an Eoraip a thuiscint agus a roinnt tríd an taithí sin, seachas trí thuiscintí bunaithe ar steiréitíopaí, agus na daoine óga sin a spreagadh

le bheith páirteach agus gníomhach sa tsochaí. Theastaigh uaim réalta na hEorpa a fheiceáil ag soilsiú i súile na ndaoine óga sin agus tharla sin!

An bhfuil tú sásta faoin tslí a d'athraigh Leatsa an Eoraip, Abair Leat! ó bhliain go bliain?

Tá! Is mór an sásamh é rud a chruthaigh tú féin a fheiceáil agus fás agus forbairt ag teacht air. Is cúiteamh mór é a thuiscint go ndeachaigh tú i gcion ar mhíle duine óg ar fud na hEorpa. Glacaim an deis seo le buíochas ó chroí a ghabháil leis na leas-uachtaráin go léir a bhí freagrach as an gcumarsáid go dtí seo, a bhrú an tionscnamh chun cinn, go háirithe Isabel, agus leis an bhfoireann YEYS toisc an dúthracht atá caite acu leis an imeacht seo agus an dícheall agus an tréan oibre atá déanta acu ó bhliain go bliain.

Cén ról a fheiceann tú ag daoine óga i dtógáil na hEorpa anois agus san am atá le teacht? Creidim go mór sna daoine óga agus san fhuinneamh atá iontu. Tá daoine óga an lae inniu ag fás aníos i saol atá ag éirí níos deacra agus níos dúshlánaí, ach, fós féin, is deis iontach atá i ngach dúshlán. Féach glúin na mílaoise, tá freagraí acu cheana, tá bealaí nua á n-aimsiú acu tríd an ngeilleagar agus na hardáin chomhroinnta, tá bua na fiontraíochta acu, rud a thugann brí agus luachanna dá saol oibre, tá tosaíocht á tabhairt acu don tsochaí agus don athrú aeráide. Trí ghníomhaíocht fhuinniúil an aosa óig ar son na haeráide, rud atá le feiceáil faoi láthair, sílim go bhfuil YEYS chomh hábhartha céanna agus a bhí sé riamh - tá daoine óga ag iarraidh cead cainte agus is go réamhghníomhach atáimidne ag tabhairt na deise sin dóibh!

Cad é do mheas ar YEYS 2019?

Ar nós gach bliain, táim an-tógtha leis na torthaí. I mbliana, ba Caith vóta ar son na todhchaí an t-ábhar díospóireachta a bhí ag na daoine óga seo as gach cearn den Eoraip. D'éiligh siad breis oideachais, eolais agus trédhearachta, ag úsáid gach bealach is féidir - suíomhanna gréasáin idirghníomhacha, ceachtanna, teagmhálacha, gníomhaíochtaí, cruinnithe - agus gach éinne páirteach iontu - seanóirí, an óige, polaiteoirí, gluaiseachtaí sóisialta, saineolaithe agus na meáin.

Cén tsamhail idéalach den Eoraip a bheadh agat?

Is é mian mo chroí go mbeadh Eoraip fhiórdhaonlathach againn, áit a mbeadh meas ar thoghcháin, ar roinnt na cumhachta, ar chearta bunúsacha agus ar an smacht reachta. Eoraip ina mbeadh daonlathas rathúil, dinimiciúil, neamhspleách agus rannpháirteach, agus sír bunaithe ar idirphlé. Is maith atá a fhios againn nach aon fhírinne amháin atá ann ar an saol seo! Is den tábhacht é dearcadh daoine eile a thuiscint, naisc a dhéanamh, rundaingne a aimsiú agus tosaíocht a thabhairt don leas coiteann thar leasanna an duine aonair. Tá mé bródúil as bheith i mo bhall den Choiste seo toisc gurb é sin go díreach an rud a dhéanaimid anseo. Níl an Eoraip gan a cuid dúshlán. Níl an Eoraip gan chastacht. Níl an Eoraip foirfe, agus is é sin áilleacht na hEorpa. Is fada corrach an bóthar chun sprioc na hEorpa, ach is fiú an bóthar sin a thaisteal, agus taistealaimis le chéile é!

Leatsa an Eoraip, Abair Leat! (YEYS) - dearcadh iar-rannpháirtithe: eispéireas claochlaitheach



Lainseáladh Leatsa an Eoraip, Abair Leat! den chéad uair in 2010, tráth a raibh an ghéarchéim airgeadais díreach tosaíthe, a raibh uachtaráin eile ar institiúidí uile an Aontais Eorpaigh agus nach raibh trácht ar Brexit go fóill. Tráth nach raibh aon Instagram ann, a rabhtas díreach tar éis Whatsapp a chruthú agus nach raibh ach 100 milliún úsáideoir ag Twitter, nach dada é i gcomparáid leis an 1.5 billiún úsáideoir a bhí cláraithe faoi 2019. Is iomaí rud atá athraithe ó shin, ach tá díograis agus fuinneamh an aosa óig fós mar an gcéanna, agus ar ócáid seo chomórada 10 mbliana Leatsa an Eoraip, Abair Leat!, thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa cuireadh do thriúr iar-rannpháirtithe teacht agus páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí agus a dtaithe a roinnt linn.

Bhí **Carlos Aceituno**, ón Spáinn, ar dhuine de na rannpháirtithe sa chéad eagrán de , in 2010. An bhliain sin, phléasc bolcán san Íoslainn rud a chuir bac ar an aerthrácht san Eoraip.

Níor éirigh le roinnt toscaireachtaí an Bhruiséil a bhaint amach, agus níor mhór do na múinteoirí Spáinneacha agus Portaingéalacha veain a fháil ar cíos chun a gcuid mac léinn a thiomáint abhaile. Ach tá cuimhne ag Carlos ar ar a lán cúiseanna eile: "Ba dheis mhaith é chun eolas a chur ar obair institiúidí an Aontais Eorpaigh agus chun nasc pearsanta a chruthú leis an tionscadal Eorpach." Bíonn Carlos, atá 25 bliana d'aois anois, ag obair le déagóirí mar mhúinteoir matamaitice, ach tá suim aige i gcúrsaí polaitíochta freisin: "Is mian liom taithí a fháil mar mhúinteoir agus ansin, amach anseo, páirt a ghlacadh i dtionscnamh oideachais le haghaidh daoine faoi mhíchumas nó mo ghnó comhairliúcháin féin a bhunú sa réimse seo fiú amháin". Is ríshoiléir do Carlos an tionchar a d'imir ar an tslí bheatha a roghnaigh sé: "Ní déarfainn gurb é YEYS a shocraigh mo roghanna, toisc go raibh a fhios agam cheana an uair sin gur mhian liom a bheith i mo mhúinteoir, ach gan amhras chuidigh sé liom an nasc idir an t-oideachas agus gníomhaíocht pholaitiúil a thuiscint."

In 2012, díreach 7 mbliana ó shin, ghlac **Evita Nedzvecká** ón Laitvia páirt sa tríú heagrán de . Anois tá sí ar an taidhleoir is óige ina tí dhúchais agus tá sí ag obair in ambasáid na Laitvia in Osló. Is féidir an ghairmréim den scoth ina nascadh leis an taithí a fuair sí le linn : "Táim cinnte de gur de thoradh mo rannpháirtíochta in YEYS an cinneadh a rinne mé staidéar a dhéanamh ar ghnóthaí idirnáisiúnta, agus dul leis an taidhleoireacht ar deireadh. Chuidigh sé liom tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann na hinstiúidí cinntí agus ar an gcaoi ar féidir leat tionchar a imirt orthu." Ach b'eispéireas dearfach é ar an leibhéal pearsanta freisin, mar go mbíonn roinnt de na rannpháirtithe i dteagmháil lena chéile fós trí na meáin shóisialta agus, mar a deir Evita, "chuidigh sé liom freisin taithí a fháil agus éirí níos féinmhuinín; tar éis sin bhí a fhios agam go bhféadfainn tabhairt faoi rud ar bith faoin spéir."

Ghlac **Giovanni Arcari** páirt in in 2014 agus tá sé ar aon tuairim leis an mbeirt iar-rannpháirtithe eile den chuid is mó: "Bhí suim agam i gcónaí i gcúrsaí polaitíochta, seachas i bpáirtithe polaitiúla, agus a bhuí le YEYS fuair mé amach faoi ról Choiste Eacnamaíoch

agus Sóisialta na hEorpa agus na sochaí sibhialta. Ó mo thaobh féin de, leanfaidh mé orm, ag scaipeadh an scéil faoi cad is Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ann agus faoin obair a dhéanann sé agus faoi chomh hiontach is atá sé páirt a ghlacadh in YEYS." Tá Giovanni, atá 22 bhliain d'aois anois, ag déanamh staidéar ar an innealtóireacht mheicniúil sa Ghearmáin. Leag sé béim freisin ar na buntáistí a bhaineann le ó thaobh cothú féinmhuiníne de: B'shin an chéad uair domsa a raibh orm labhairt go poiblí, agus bhí orm labhairt as Béarla. Chuidigh sé liom gan amhras roinnt bac intinne a shárú agus fuair mé amach go raibh mé in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine ó thíortha eile agus ó chúlraí eile."

Ba é an ról a bhí ag na "seanfionduirí" seo páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí agus úsáid a bhaint as a dtáithí chun cuidiú le rannpháirtithe na bliana seo lena dtograí a shainiú níos fearr. Leag an triúr acu béim ar fhuinneamh agus ar dhíograis na mac léinn agus chuaigh eolas maith na mac léinn i gcionn orthu, eolas a fuair siad, den chuid is mó, trí dhianúsáid a bhaint as na meáin shóisialta agus as acmhainní ar líne. Bhí siad go léir ar aon tuairim go bhfuil feabhas mór tagtha ar mhodheolaíocht: "Measaim go bhfuil an fhormáid nua i bhfad níos cruthaíthí, ligeann sé do na rannpháirtithe iad féin a chur in iúl gan bhac", arsa Carlos. Tá Giovanni ar aon tuairim leo, ach molann sé gur cheart na díospóireachtaí a bheith "pas beag níos struchtúrtha" le haon mhearbhall a sheachaint. Chuir Evita clabhsúr ar an bplé le linn na fírinne: "Ní féidir tallann a shéanadh, is cuma cad as a dtagann sé nó cén mhodheolaíocht atá á húsáid agat", agus is é sin i dáiríre atá i gceist le. (dgp)

Más dúshlán í an chumarsáid, is iad na meáin shóisialta a sháróidh an dúshlán sin



Cé gur déagóirí iad rannpháirtithe YEYS, ní mór an difríocht atá idir a ndearcaí siúd agus dearcaí daoine fásta. Faoi mar is ábhar inní dá dtuismitheoirí fás an phobalachais, bagairtí don daonlathas agus a bhfuil ag titim amach le déanaí a d'fhéadfadh tionscadal an Aontais a chur i mbaol, cuir i gcás Brexit, is ábhar inní don aos óg freisin na nithe sin. Tuigeann siad, ina theannta sin, nach mór don Aontas muinín a chothú athuair leis na saoránaigh trí chumarsáid níos fearr a dhéanamh leo, agus tá fiú réiteach féideartha faighte acu air sin trí na meáin shóisialta a úsáid mar uirlis rithábhachtach chun trédhearcacht, feachtas agus rannpháirtíocht i ngnóthaí an Aontais a fheabhsú.

"Tá easpa eolais i mo thír mar gheall ar na toghcháin Eorpacha atá romhainn amach." "Ó mo thaobh féin de, ní raibh faic ar eolas agam sular tháinig mé go dtí an Bhruiséil," arsa dalta Ostarach amháin agus lean sé air mar leanas: "Nuair a bhíonn polaiteoirí i mbun

díospóireachta, labhraíonn siad teanga nach dtuigeann an dream óg." Luaigh rannpháirtithe eile an easpa cumarsáide seo freisin. Dar leo gur cheart leas a bhaint thar aon rud eile as na meáin shóisialta chun vótálaithe óga a mhealladh: "Is beag caidreamh a bhíonn ann idir cuntais an Aontais ar na meáin shóisialta agus leantóirí na gcuntas sin; agus, rud eile de, bíonn an t-ábhar féin fíorleamh!" arsa dalta Gearmánach amháin.

Luadh freisin sna díospóireachtaí go raibh an baol ann gos dtiocfadh fás faoi chineálacha éagsúla den phobalachtas de dheasca na heaspa cumarsáide sin, rud a chuirfeadh an daonlathas agus luachanna an Aontais i mbaol. Seo mar a dúirt rannpháirtí amháin sna grúpaí díospóireachta: "Iad siúd a thiteann ina gcodladh faoi scáth an daonlathais, seans go ndúiseoidh siad lá éigin agus deachtóireacht i réim." Labhair mórán rannpháirtithe faoin gcaoi arb iad luachanna an Aontais an príomhnasc a thugann daoine óga ó na Ballstáit éagsúla le chéile: "Is as tíortha difriúla dúinn ach táimid ar fad ag troid ar son na luachanna céanna", a dúirt cailín óg amháin. Láithreach bonn threisigh rannpháirtí eile léi mar leanas: "Is éard atá i gceist leis an Eoraip, dar liom, ná a bheith aontaithe san éagsúlacht, agus iarrachtaí a dhéanamh an tsíocháin agus an daonlathas a chaomhnú."

Léiríodh na hábhair inní sin sna deich gcinn de mholtaí a chuir na daltaí le chéile, agus áiríodh iontu ar fad an gá atá le soiléireacht agus trédhearcacht i bpolasáí cumarsáide an Aontais. Agus is é tuairim na ndaoine óga sin ná go bhfuil an réiteach atá de dhíth orainn faoinár láimh, mar atá, ar an bhfón póca féin. Dar leo gur réiteach iad na meáin shóisialta mar go gcuireann siad ar chumas na bpolaiteoirí agus na saoránach caidreamh díreach a bheith acu le chéile. Faoi mar a dúirt dalta amháin: "Ceapann polaiteoirí nach suim le daoine óga an pholaitíocht, ach ní fíor sin. Ach más mian leo go mbeadh daoine óga páirteach sa pholaitíocht, caithfidh siad foghlaim conas na meáin shóisialta a úsáid go héifeachtach!" (dgp)

Leatsa an Eoraip, Abair leat - fíricí agus figiúirí



1039 n-iarratas a fuarthas don deichiú bliain den imeacht YEYS (an líon is mó iarratas a fuarthas riamh) - 972 iarratas ó Bhallstáit an Aontais agus 67 n-iarratas ó na cúig thír is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas. Tháinig an líon is mó acu ón Rómáin (221) agus an líon is ísle ó Mháilta agus Montainéagró (4 iarratas an ceann).

Rinneadh tarraingt leictreonach randamach chun na **33 mheánscoil** a ghlac páirt san imeacht a roghnú - meánscoil amháin ó gach ceann de na 28 mBallstát agus de na cúig thír is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas (an Albáin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc). Den chéad uair riamh, ghlac ceann de na **scoileanna Eorpacha** sa Bhruiséil páirt sa díospóireacht. Sna scoileanna Eorpacha, cuirtear oideachas ar pháistí oifigigh an Aontais Eorpaigh trí mheán a máthairtheanga agus, mar sin, tá páistí ó thíortha éagsúla a labhraíonn teangacha éagsúla á múineadh in aon áit amháin.

An 20-21 Márta 2019, tháinig **102 dalta** - triúr ó gach ceann de na scoileanna rannpháirteacha - chun na Bruiséile le páirt a ghlacadh sa díospóireacht mhór. **15 bliana d'aois** a bhí ag an dalta ab óige agus **20 bliain d'aois** a bhí ag an dalta ba shine. Bhí **an chuid is mó acu idir 16 agus 18 mbliana d'aois**. Murab ionann agus tionóil eile roimhe sin, bhí na mná níos líonmhaire ná na fir (60 in aghaidh 42).

In oirchill na hócáide, rinne na rannpháirtithe ullmhúchán don díospóireacht faoi theoir an mhúinteora a bhí in éindí leo. Thug comhalta ó CESE cuairt ar na rannpháirtithe chun cuidiú leo díospóireacht a spreagadh a bhí dírithe ar thrí príomhcheist:

- Conas is féidir linn an daonlathas ionadaíoch a threisiú sna blianta atá romhainn?
- Cén cineál comhair pholaitiúil a bheidh ann tar éis na dtoghchán Eorpach, agus conas a ghlacfa páirt ann?
- Cad ba cheart a dhéanamh chun daoine a spreagadh le vóta a caitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, dar leatsa?

Le linn an imeachta, d'oibrigh na daltaí faoi threoir sainmhodhnóirí chun **10 moladh** a ullmhú agus a chur faoi bhráid lucht ceaptha beartais an Aontais Eorpaigh. Ansin, roghnaíodh na **trí thogra ba tharraingtí** trí vótáil.

Leatsa an Eoraip, Abair leat! (YEYS) Eagraíonn CESE, guth na sochaí sibhialta ar leibhéal an Aontais, YEYS - **an Choiste don aos óg**.

Leis an tionscnamh seo, is é is aidhm do CESE a dhéanamh ná a chinntiú go nglacfar le tuairmí, taithí agus smaointe an aosa óig i bpróiseas ceaptha beartais an Aontais Eorpaigh.

Tá tuilleadh sonraí faoin imeacht YEYS2019 le fáil ar [leathanach oifigiúil an imeachta](#). (dm & ks)

Editors:

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief) Daniela Marangoni (dm)

Coordination:

Agata Berdys (ab) Katerina Serifi (ks)

Contributors to Address: this issue:

Julia Crumiere (jc)
David Gippini Fournier (dgf)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Daniela Marangoni (dm)
Katerina Serifi (ks)

European Economic and Social
Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications. Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

Mí Aibreáin 2019/4

05-2019